Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2025//2239(INI)

17.11.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar thuarascáil 2025 ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta
(2025/2239(INI))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Konstantinos Arvanitis

PR_INI

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 17

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar thuarascáil 2025 ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta (2025/2239(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), go háirithe Airteagail 2, 3(1), 3(3), an dara fomhír, 4(3), 5, 6, 7, 11, 19 agus 49 de,

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe do na hairteagail de a bhaineann le hurraim don daonlathas, don smacht reachta agus do chearta bunúsacha san Aontas, agus lena gcosaint agus lena gcur chun cinn, lena n-áirítear Airteagail 70, 258, 259, 260, 263, 265 agus 267,

– ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt),

– ag féachaint do chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Iúil 2025 dar teideal Tuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta – Staid an smachta reachta san Aontas Eorpach (COM(2025)0900), agus don iarscríbhinn a ghabhann leis an teachtaireacht seo ina bhfuil moltaí do na Ballstáit,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint[1] (an Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí[2] (Rialachán na bhForálacha Coiteanna),

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais[3] (an Rialachán Airgeadais), agus go háirithe Airteagal 6(3) de,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1381/2013 ó

[1] IO L 433I, 22.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2092/oj.
[2] IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj.
[3] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 390/2014[4],

– ag féachaint do phacáiste tograí ón gCoimisiún le haghaidh Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034,

– ag féachaint d'ionstraimí na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint, amhail Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla (ICCPR), an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú (CERD), an Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW) agus an Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD), an Dearbhú maidir le Cearta Daoine a bhaineann le Mionlaigh Náisiúnta nó Eitneacha, Reiligiúnacha agus Teanga, Moltaí Fhóram na Náisiún Aontaithe maidir le Saincheisteanna Mionlaigh, agus do mholtaí agus tuarascálacha Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann na Náisiún Aontaithe, chomh maith le cásdlí chomhlachtaí conartha na Náisiún Aontaithe agus nósanna imeachta speisialta Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine,

– ag féachaint don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR), do Chairt Shóisialta na hEorpa, do chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR), don Coiste Eorpach ar Chearta Sóisialta, agus do na coinbhinsiúin, na moltaí, na rúin, na tuairimí agus na tuarascálacha ón gComhthionól Parlaiminteach, ó Choiste na nAirí, ón gCoimisinéir um Chearta an Duine, ón gCoimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe, ón nGrúpa Stiúrtha ar Fhrith-Idirdhealú, Éagsúlacht agus Cuimsiú, ó Choimisiún na Veinéise agus ó chomhlachtaí eile i gComhairle na hEorpa,

– ag féachaint do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac,

– ag féachaint don Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh agus do Chreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint,

– ag féachaint do mheabhrán tuisceana an 23 Bealtaine 2007 idir Comhairle na hEorpa agus an tAontas Eorpach agus do chonclúidí ón gComhairle an 17 Nollaig 2024 maidir le tosaíochtaí an Aontais le haghaidh comhar le Comhairle na hEorpa in 2025-2026,

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le riosca soiléir a chinneadh go bhfuil sárú tromchúiseach á dhéanamh ag Poblacht na Polainne ar an smacht reachta (COM(2017)0835), arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 7(1) CAE,

– ag féachaint do rún uaithi an 25 Deireadh Fómhair 2016 ina bhfuil moltaí don Choimisiún maidir le sásra an Aontais um an daonlathas, um an smacht reachta agus um chearta bunúsacha a bhunú[5],

– ag féachaint do rún uaithi an 7 Feabhra 2018 ar chosaint agus neamh-idirdhealú i ndáil

[4] IO L 156, 5.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/692/oj.
[5] IO C 215, 19.6.2018, lch. 162.

le mionlaigh i mBallstáit AE[6],

– ag féachaint do rún uaithi an 1 Márta 2018 maidir leis an gcinneadh ón gCoimisiún Airteagal 7(1) CAE a ghníomhachtú maidir leis an staid sa Pholainn[7],

– ag féachaint do rún uaithi an 19 Aibreán 2018 maidir leis an ngá atá le hIonstraim na Luachanna Eorpacha a bhunú chun tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a chuireann luachanna bunúsacha chun cinn laistigh den Aontas Eorpach ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta[8],

– ag féachaint do rún uaithi an 12 Meán Fómhair 2018 ar an togra lena n-iarrtar ar an gComhairle cinneadh a dhéanamh, de bhun Airteagal 7(1) CAE, an ann do riosca soiléir go bhfuil shárú tromchúiseach á dhéanamh ag an Ungáir ar na luachanna ar a bhfuil an tAontas bunaithe[9],

– ag féachaint do rún uaithi an 13 Samhain 2018 maidir le caighdeáin íosta do mhionlaigh san Aontas[10],

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Samhain 2018 maidir leis an ngá atá le sásra cuimsitheach an Aontais chun an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha a chosaint[11],

– ag féachaint do rún uaithi an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Sásra an Aontais um an Daonlathas, an Smacht Reachta agus Cearta Bunúsacha a bhunú[12],

– ag féachaint don rún uaithi an 8 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an smacht reachta agus cearta bunúsacha sa Bhulgáir[13]

– ag féachaint do rún uaithi an 13 Samhain 2020 maidir le tionchar bhearta COVID-19 ar an daonlathas, ar an smacht reachta agus ar chearta bunúsacha[14],

– ag féachaint do rún uaithi an 17 Nollaig 2020 maidir le Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, ‘Pacáiste um Shábháilteacht do Mhionlaigh – milliún síniú ar son na héagsúlachta san Eoraip’[15],

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Meitheamh 2021 maidir le staid an smachta reachta san Aontas Eorpach agus cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht (AE, Euratom) 2020/2092[16],

– ag féachaint do rún uaithi an 24 Meitheamh 2021 maidir le Tuarascáil 2020 ón

[6] IO C 463, 21.12.2018, lch. 21.
[7] IO C 129, 5.4.2019, lch. 13.
[8] IO C 390, 18.11.2019, lch. 117.
[9] IO C 433, 23.12.2019, lch. 66.
[10] IO C 363, 28.10.2020, lch. 13.
[11] IO C 363, 28.10.2020, lch. 45.
[12] IO C 395, 29.9.2021, lch. 2.
[13] IO C 395, 29.9.2021, lch. 63.
[14] IO C 415, 13.10.2021, lch. 36.
[15] IO C 445, 29.10.2021, lch. 70.
[16] IO C 67, 8.2.2022, lch. 86.

gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta[17],

– ag féachaint do rún uaithi an 8 Iúil 2021 maidir le treoirlínte a chruthú chun an córas ginearálta coinníollachta a chur i bhfeidhm chun buiséad an Aontais a chosaint[18],

– ag féachaint do rún uaithi an 16 Meán Fómhair 2021 maille le moltaí don Choimisiún maidir le foréigean inscnebhunaithe a shainaithint mar réimse nua coireachta a liostaítear in Airteagal 83(1) CFAE[19],

– ag féachaint do rún uaithi an 11 Samhain 2021 dar teideal ‘maidir leis an daonlathas agus saoirse agus iolrachas na meán a neartú in AE: an úsáid mhíchuí a bhaintear as gníomhaíochtaí faoin dlí sibhialta agus faoin dlí coiriúil chun iriseoirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an tsochaí shibhialta a chur ina dtost’[20],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Nollaig 2021 maidir leis an meastóireacht ar bhearta coisctheacha chun éilliú, caiteachas neamhrialta agus mí-úsáid cistí an Aontais agus náisiúnta a sheachaint i gcás cistí éigeandála agus réimsí caiteachais a bhaineann le géarchéimeanna[21],

– ag féachaint do rún uaithi an 8 Márta 2022 maidir leis an laghdú atá ag teacht ar an spás don tsochaí shibhialta san Eoraip[22],

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Márta 2022 maidir leis an smacht reachta agus iarmhairtí an rialaithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh[23],

– ag féachaint do rún uaithi an 11 Márta 2021 maidir leis an dearbhú gur Limistéar Saoirse LGBTIQ atá san Aontas Eorpach[24],

– ag féachaint do rún uaithi an 19 Bealtaine 2022 maidir le Tuarascáil 2021 ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta[25],

– ag féachaint do rún uaithi an 9 Meitheamh 2022 maidir leis an smacht reachta agus formheas féideartha phlean téarnaimh náisiúnta na Polainne (RRF)[26],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Meán Fómhair 2022 maidir le staid na gceart bunúsach san Aontas Eorpach in 2020 agus 2021[27],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Meán Fómhair 2022 ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena gcinntear, de bhun Airteagal 7(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, go bhfuil riosca soiléir ann go bhfuil sárú tromchúiseach á dhéanamh ag an

[17] IO C 81, 18.2.2022, lch. 27.
[18] IO C 99, 1.3.2022, lch. 146.
[19] IO C 117, 11.3.2022, lch. 88.
[20] IO C 205, 20.5.2022, lch. 2.
[21] IO C 251, 30.6.2022, lch. 48.
[22] IO C 347, 9.9.2022, lch. 2.
[23] IO C 347, 9.9.2022, lch. 168.
[24] IO C 474, 24.11.2021, lch. 140.
[25] IO C 479, 16.12.2022, lch. 18.
[26] IO C 493, 27.12.2022, lch. 108.
[27] IO C 125, 5.4.2023, lch. 80.

Ungáir ar na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe[28],

– ag féachaint do rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2022 maidir leis an smacht reachta i Málta, 5 bliana tar éis fheallmharú Daphne Caruana Galizia[29],

– ag féachaint do rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2022 maidir le coireanna fuatha i gcoinne daoine LGBTIQ+ atá ag dul i méid ar fud na hEorpa i bhfianaise an dúnmharaithe homafóbaigh a tharla le déanaí sa tSlóvaic[30],

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Samhain 2022 maidir le ceartas ciníoch, neamh-idirdhealú agus frithchiníochas san Aontas[31],

– ag féachaint do rún uaithi an 24 Samhain 2022 maidir leis an measúnú ar chomhlíonadh choinníollacha an smachta reachta ag an Ungáir faoin Rialachán maidir le Coinníollacht agus ar staid na himeartha maidir le RRP na hUngáire[32],

– ag féachaint do rún uaithi an 30 Márta 2023 maidir le Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta – staid an smachta reachta san Aontas Eorpach[33],

– ag féachaint do rún uaithi an 18 Aibreán 2023 maidir leis an gcaidreamh institiúideach idir an tAontas Eorpach agus Comhairle na hEorpa[34],

– ag féachaint don rún uaithi an 7 Feabhra 2024 maidir leis an smacht reachta agus le saoirse na meán sa Ghréig[35],

– ag féachaint do rún uaithi an 28 Feabhra 2024 maidir le ‘Tuarascáil 2023 ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta’[36],

– ag féachaint do rún uaithi am 29 Feabhra 2024 maidir le lánpháirtiú an Aontais a dhoimhniú i bhfianaise an mhéadaithe a bheidh ann amach anseo[37],

– ag féachaint do rún uaithi an 1 Meitheamh 2023 maidir le sáruithe ar an Smacht Reachta agus ar chearta bunúsacha san Ungáir agus cistí reoite an Aontais[38],

– ag féachaint do thuarascáil óna Coiste Fiosrúcháin maidir le himscrúdú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as Pegasus agus as earraí spiaireachta faireachais comhchosúla agus do mholadh uaithi an 15 Meitheamh 2023 chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún tar éis imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe agus ar dhrochriarachán líomhnaithe i gcur i bhfeidhm dhlí an Aontais i ndáil le húsáid Pegasus agus earraí

[28] IO C 125, 5.4.2023, lch. 463.
[29] IO C 149, 28.4.2023, lch. 15.
[30] IO C 149, 28.4.2023, lch. 22.
[31] IO C 161, 5.5.2023, lch. 10.
[32] IO C 167, 11.5.2023, lch. 74.
[33] IO C 341, 27.9.2023, lch. 2.
[34] IO C, C/2023/442, 1.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/442/oj.
[35] IO C, C/2024/6334, 7.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6334/oj.
[36] IO C, C/2024/6743, 26.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6743/oj.
[37] IO C, C/2024/6746, 26.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6746/oj.
[38] IO C, C/2023/1223, 21.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/1223/oj.

spiaireachta faireachais comhchosúla[39],

– ag féachaint do rún uaithi an 11 Iúil 2023 maidir leis an dlí toghcháin, an coiste imscrúdaitheach agus an smacht reachta sa Pholainn[40],

– ag féachaint do rún uaithi an 19 Deireadh Fómhair 2023 maidir leis an smacht reachta i Málta: 6 bliana tar éis fheallmharú Daphne Caruana Galizia agus an gá atá le hiriseoirí a chosaint[41],

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 6 Nollaig 2023 dar teideal ‘No place for hate: a Europe united against hatred’ [Ní ghlacfar leis an bhfuath: Eoraip le chéile i gcoinne an fhuatha] (JOIN(2023)0051),

– ag féachaint do rún uaithi an 18 Eanáir 2024 maidir le staid na gceart bunúsach san Aontas Eorpach – tuarascáil bhliantúil 2022 agus 2023[42],

– ag féachaint do rún uaithi an 18 Eanáir 2024 maidir le liosta choireanna an Aontais a leathnú chun an fhuathchaint agus an fhuathchoireacht a chuimsiú ann[43],

– ag féachaint do rún uaithi an 24 Aibreán 2024 maidir le héisteachtaí leanúnacha faoi Airteagal 7(1) CAE maidir leis an Ungáir chun an smacht reachta agus a himpleachtaí buiséadacha a neartú[44],

– ag féachaint do thabhairt i gcrích nós imeachta Airteagal 7 CAE i ndáil leis an bPolainn, mar a d’fhógair an Coimisiún an 29 Bealtaine 2024, tar éis bearta a rinne an Pholainn chun comhlíonadh chaighdeáin an Aontais maidir leis an smacht reachta a athbhunú;

– ag féachaint do Rún 2262 (2019) an 24 Eanáir 2019 ó Thionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa maidir le cearta daoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad a chur chun cinn,

– ag féachaint do thuarascálacha speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an 17 Nollaig 2024 maidir le Dlí an Aontais a Fhorfheidhmiú (28/2024), an 22 Feabhra 2024 maidir leis an Smacht Reachta san Aontas Eorpach (03/2024), agus an 10 Eanáir 2022 maidir le tacaíocht an Aontais don smacht reachta sna Balcáin Thiar (01/2022), dá hathbhreithniú an 28 Feabhra 2024 ar thuairisciú an Choimisiúin maidir leis an smacht reachta (02/2024), agus don tuarascáil speisialta maidir le Trédhearcacht chistiú an Aontais a dheonaítear d’eagraíochtaí neamhrialtasacha (11/2025) agus don agus dá moltaí faoi seach,

– ag féachaint do na Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2024-2029, arna gcur faoi bhráid na Parlaiminte an 18 Iúil 2024 ag Ursula von der Leyen, a bhí ina hiarrthóir an tráth sin ar Uachtaránacht an Choimisiúin, d’aitheasc Uachtarán an

[39] IO C, C/2024/494, 23.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/494/oj.
[40] IO C, C/2024/3995, 17.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3995/oj.
[41] IO C, C/2024/2656, 29.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2656/oj.
[42] IO C, C/2024/5739, 17.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5739/oj.
[43] IO C, C/2024/5733, 17.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5733/oj.
[44] IO C, C/2025/3705, 17.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3705/oj.

Choimisiúin ar Staid an Aontais an 10 Meán Fómhair 2025 i bParlaimint na hEorpa agus do theachtaireacht 2026 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2025 dar teideal ‘Clár oibre an Choimisiúin 2026’ (COM(2025)0870),

– ag féachaint do shuirbhéanna Eorabharaiméadair 2025 maidir le héilliú, ina léirítear go bhfuil an t-éilliú fós ina ábhar mór imní do shaoránaigh agus do ghnólachtaí san Aontas,

– ag féachaint do na tuarascálacha aiseolais, na tuarascálacha misin, na ceisteanna agus na freagraí i scríbhinn óna Grúpa Faireacháin um an Daonlathas, um an Smacht Reachta agus um Chearta Bunúsacha (DRFMG)[45],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2025 dar teideal ‘Union of Equality: LGBTIQ equality strategy 2026 - 2030’ [Aontas Comhionannais: straitéis comhionannais LADTIA+ 2020 - 2025],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 4 Samhain 2025 dar teideal ‘Communication on EU enlargement policy’ [Teachtaireacht maidir le beartas an Aontais um méadú] (COM(2025)0690) agus na doiciméid inmheánacha oibre a ghabhann leis (Pacáiste um Méadú an 4 Samhain 2025),

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 12 Samhain 2025 dar teideal ‘European Democracy Shield: Empowering Strong and Resilient Democracies’ [An Sciath Eorpach don Daonlathas: Daonlathas Láidir agus Athléimneach a Chumhachtú], (JOIN(2025)0791) agus do theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Samhain 2025 dar teideal EU Strategy for Civil Society [Straitéis an Aontais maidir leis an tSochaí Shibhialta] (COM(2025)0790),

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla agus ón gCoiste um Buiséid agus don tuairim ón bhFochoiste um Chearta an Duine,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2025),

A. de bhrí go bhfuil AE fothaithe ar na luachanna seo a leanas: urraim do dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus urraim do chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, mar a leagtar amach in Airteagal 2 CAE agus mar a léirítear sa Chairt agus mar a chumhdaítear i gconarthaí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine; de bhrí gur cuid de dhlí príomha an Aontais í an Chairt; de bhrí go bhfuil na luachanna sin i gcoiteann ag na Ballstáit uile agus gur cheart don Aontas agus do gach Ballstát, ar bhonn aonair, seasamh leo agus iad a chur chun cinn go gníomhach ina gcuid beartas go léir, go hinmheánach agus go seachtrach ar bhealach comhsheasmhach; de bhrí gur bagairt shistéamach ar chearta agus ar shaoirsí na ndaoine atá ina gcónaí in AE é aon bhonn a

[45] Maidir le gníomhaíochtaí uile faireacháin DRFMG, féach: don téarma deireanach: https://www.europarl.europa.eu/committees/ga/libe-democracy-rule-of-law-and-fundament/product-details/20190103CDT02662, agus don téarma seo: https://www.europarl.europa.eu/committees/ga/working-group-democracy-rule-of-law-and-/product-details/20241205CDT13884.

bhaint de na luachanna sin;

B. de bhrí nach féidir le AE neamhaird a thabhairt ar na gnéithe sóisialta agus na gnéithe de chearta bunúsacha ar ar tógadh é; de bhrí nach mór easnaimh leanúnacha i gcosaint na gceart eacnamaíoch agus sóisialta a mheas mar chuid lárnach den bhagairt shistéamach ar luachanna Airteagal 2 CAE;

C. de bhrí go raibh ar AE aghaidh a thabhairt in 2025 ar dhúshláin thromchúiseacha agus ilghnéitheacha ina Bhallstáit maidir leis an smacht reachta, an daonlathas agus cearta bunúsacha a chosaint, ar dúshláin iad uile a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile;

D. de bhrí go leagtar béim i gclár oibre 2026 an Choimisiúin ar an ngá atá le timthriall bliantúil comhtháite maidir leis an smacht reachta le luas coiteann, garspriocanna soiléire agus rannchuidiú gníomhach institiúidí uile AE; de bhrí go bhfuil urraim don smacht reachta ríthábhachtach i gcónaí chun cistí uile AE a choimirciú;

E. de bhrí gur cheart institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí AE a chumhdach freisin sa tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún maidir leis an smacht reachta, chun measúnú trédhearcach a sholáthar ar a mhéid a chomhlíonann siad caighdeáin an smachta reachta;

Córais cheartais

1. á iarraidh ar na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun córais bhreithiúnacha neamhspleácha agus rochtain ar chúnamh dlíthiúil saor in aisce a áirithiú, agus ar an gcaoi sin rochtain chomhionann ar cheartas a ráthú do chách, agus á athdhearbhú go bhfuil gá le gníomhaíochtaí nithiúla chun rochtain a fheabhsú, go háirithe do ghrúpaí imeallaithe agus leochaileacha;

2. á iarraidh ar na Ballstáit breithiúnais CBAE agus ECtHR atá ar feitheamh a chur chun feidhme go mear agus á mholadh go mbunófaí aonad faireacháin chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme rialuithe CBAE agus ECtHR a bhaineann leis an daonlathas, leis an smacht reachta agus le cearta bunúsacha i dtíortha an Aontais, agus torthaí an aonaid faireacháin a chomhtháthú go hiomlán sa tuarascáil bhliantúil ar an smacht reachta;

3. á chur i bhfios go láidir go bhfuil nasc soiléir idir cúlú an smachta reachta agus sáruithe tromchúiseacha ar chearta bunúsacha agus mionlaigh, lena n-áirítear úsáid iomarcach fornirt ag údaráis forfheidhmithe dlí, easpa próis chuí do dhaoine atá á gcoinneáil, gríosú polaitiúil nó institiúideach chun fuatha, cumhachtaí faireachais díréireacha, agus bearta sriantacha lena ndírítear ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta; á chreidiúint go daingean gur cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar a mhéid a thugann na Ballstáit aghaidh ar na saincheisteanna sin chun córas ceartais inrochtana, éifeachtach agus neamhchlaonta a áirithiú;

4. á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar dhálaí príosúin mar ábhar imní maidir leis an smacht reachta, i bhfianaise plódú forleathan, dálaí maireachtála neamhleora agus rátaí féinmharaithe atá ag dul i méid, rud a bhaineann an bonn de chearta bunúsacha na ndaoine atá á gcoinneáil ar fud chórais pheannaideacha na mBallstát;

An creat frithéillithe

5. á athdhearbhú go bhfuil an t-éilliú ina bhagairt thromchúiseach ar an daonlathas, ar an smacht reachta agus ar chóir chomhionann do gach saoránach;

6. á iarraidh ar na Ballstáit, ar thíortha is iarrthóirí agus ar thíortha is iarrthóirí ionchasacha, chomh maith le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí AE, bearta coisctheacha i gcoinne an éillithe a neartú, lena n-áirítear bainistiú trédhearcach chistí AE, cóid iompair d'oifigigh phoiblí, dearbhuithe éigeantacha sócmhainní, rialacha coinbhleachta leasa, córais luathrabhaidh agus teorainneacha ar chleachtais dorais imrothlaigh;

7. á iarraidh ar na Ballstáit neamhspleáchas, neamhchlaontacht agus acmhainní leormhaithe a ráthú do bhoird araíonachta, do sheirbhísí ionchúisimh, do ghníomhaireachtaí frith-éillithe agus do na breithiúna;

8. á chur i bhfáth go gceanglaítear leis an smacht reachta ar oifigigh phoiblí gníomhú go trédhearcach agus ar mhaithe le leas an phobail, gan mí-úsáid cumhachta ná cinnteoireacht threallach; á iarraidh ar na Ballstáit cultúr ionracais a chur chun cinn trí oiliúint frithéillithe rialta d'oifigigh phoiblí, d'fhorfheidhmiú an dlí agus do na breithiúna, agus trí pháirt ghníomhach a thabhairt don tsochaí shibhialta maidir le faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí rialtais;

9. ag tathant ar na Ballstáit imscrúduithe prasa, críochnúla agus neamhchlaonta ar chásanna éillithe a áirithiú, agus tosaíocht ar leith á tabhairt do chásanna a bhaineann le hoifigigh ardleibhéil, chun an smacht reachta a choimirciú, muinín an phobail a chaomhnú agus cuntasacht a áirithiú ar gach leibhéal rialtais;

10. á iarraidh ar na Ballstáit sceithirí agus iriseoirí a thuairiscíonn éilliú nó míbhainistiú chistí AE a chosaint, trí bhealaí tuairiscithe rúnda, leigheasanna éifeachtacha i gcoinne frithbhirt, agus cosaint na hiriseoireachta iniúchaí agus na saoirse chun tuairimí a nochtadh a áirithiú;

Cosaint iriseoirí, agus iolrachas agus saoirse na meán

11. á chreidiúint go láidir gur ionsaí díreach ar an smacht reachta é feallmharú iriseoirí iniúchacha, ós rud é nach amháin go mbaineann sé an bonn ó chumas na saoránach agus na n-institiúidí iad siúd atá i gcumhacht a thabhairt chun cuntais, ach go bhfuil sé ar cheann de na cineálacha cinsireachta is foircní freisin, ar bagairt dhíreach é ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus ar fheidhmiú na n-institiúidí daonlathacha;

12. ag cáineadh go láidir fhaireachais neamhdhleathaigh a dhéantar ar iriseoirí, go háirithe trí earraí spiaireachta; á chur in iúl gur cúis bhuartha di i gcónaí gur dhiúltaigh an Coimisiún moltaí uile Choiste Fiosrúcháin na Parlaiminte maidir le húsáid Pegasus agus earraí spiaireachta coibhéiseacha a chur chun feidhme, agus á mheas gur mainneachtain í gníomhú;

13. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di i gcónaí go bhfuil úinéireacht na meán, bíodh sí i lámha poiblí nó príobháideacha, fós an-chomhchruinnithe i roinnt mhaith Ballstát, rud a chuireann éagsúlacht faisnéise agus dearcthaí i mbaol; á iarraidh ar na Ballstáit creataí

reachtacha a ghlacadh chun comhchruinniú cothrománach a chosc, trédhearcacht úinéireachta agus bainistíochta a áirithiú, agus sásraí maoirseachta agus comhlíontachta neamhspleácha a ráthú chun neamhspleáchas eagarthóireachta agus iriseoireachta agus ról na meán mar fhoras faire poiblí a choimirciú;

14. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar na tíortha is iarrthóirí cosaint iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin san Aontas a áirithiú i gcomhréir le moltaí 2021/1534[46] agus 2022/758[47]ón gCoimisiún;

15. á iarraidh ar na Ballstáit an Treoir Frith-SLAPP a chur chun feidhme go hiomlán[48];

16. á iarraidh ar an gCoimisiún a mheas an gcomhlíonann smachtbhannaí an Aontais chun an bhréagaisnéis a chomhrac an ceanglas comhréireachta faoi dhlí an Aontais agus Airteagal 11 den Chairt; á chreidiúint go láidir nach mór an ceart chun éisteacht a fháil a ráthú sula gcuirfidh an Chomhairle na bearta sin i bhfeidhm, go háirithe i gcás ina bhfuil an baol ann go mbainfí an bonn ó chearta shaoránaigh an Aontais, go háirithe iriseoirí;

Spás na Sochaí Sibhialta

17. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil ról ríthábhachtach ag eagraíochtaí áitiúla agus pobail, ceardchumainn, grúpaí gníomhaithe, cosantóirí chearta an duine agus eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) maidir leis an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha a chur chun cinn agus a chaomhnú agus maidir le cuntasacht a áirithiú as gníomhaíochtaí stáit agus príobháideacha;

18. ag cáineadh an ionsaithe threisithe gan fasach ar an spás sibhialta ar fud an Aontais, agus srianta suntasacha ar an spás don tsochaí shibhialta agus an ceart chun comhthionóil shíochánta á bhfianú i roinnt Ballstát; á chreidiúint go láidir go bhfuil an treocht dhomhanda i dtreo cúlú daonlathach agus creimeadh an smachta reachta, chomh maith le hurrúsú clár oibre, tar éis srianta ar an gceart chun comhthionóil shíochánta a threisiú; ag tathant ar na Ballstáit timpeallacht shábháilte agus chumasúcháin a chruthú lena ráthaítear saoirse comhthionóil;

19. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún feabhas a chur ar an timpeallacht dhlíthiúil don tsochaí shibhialta trína áirithiú go saothrófar ceann de na haidhmeanna dlisteanacha faoi Airteagal 11(2) ECHR le haon bheart lena gcuirtear srian ar cheart na gcomhlachas acmhainní a lorg, a fháil agus a úsáid, lena n-áirítear acmhainní eachtracha;

20. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na srianta dlíthiúla agus airgeadais atá ag dul i méid,

---

[46] Moladh (AE) 2021/1534 ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le cosaint, sábháilteacht agus cumhachtú iriseoirí agus gairmithe meán eile san Aontas Eorpach a áirithiú (IO L 331, 20.9.2021, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2021/1534/oj).

[47] Moladh (AE) 2022/758 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2022 maidir le hiriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a bhíonn i mbun rannpháirtíocht an phobail a chosaint ó imeachtaí cúirte ar follasach go bhfuil siad gan bhunús nó mí-úsáideach (“Cúiseanna dlí straitéiseacha in aghaidh rannpháirtíocht an phobail”) (IO L 138, 17.5.2022, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2022/758/oj).

[48] Treoir (AE) 2024/1069 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar éilimh atá go follasach gan bhunús nó ar imeachtaí cúirte mí-úsáideacha (‘Cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí’) (IO L, 2024/1069, 16.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1069/oj).

feachtais chlúmhillte, agus coiriúlú eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus chosantóirí chearta an duine; á chur i bhfáth nár cheart go rachadh na ceanglais tuairiscithe do ENRanna thar na ceanglais sin atá fíor-riachtanach agus comhréireach leis na haidhmeanna sonracha atá á saothrú;

21. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún leithdháileadh acmhainní leordhóthanacha airgeadais a áirithiú d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus do chosantóirí chearta an duine; á iarraidh ar na Ballstáit cosaint éifeachtach a chur ar fáil do chosantóirí chearta an duine, lena n-áirítear sásraí mearfhreagartha ar bhagairtí;

Cearta bunúsacha

22. á chur in iúl gur geal léi an straitéis um chomhionannas LGBTIQ+ 2026-2030 agus ag tathant ar an gCoimisiún togra a thíolacadh le haghaidh toirmeasc ceangailteach an Aontais ar chleachtais tiontúcháin i ngach Ballstát;

23. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na bearta idirdhealaitheacha a tugadh isteach i roinnt Ballstát faoi scáth 'bolscaireacht LADTIA' agus 'idé-eolaíocht inscne' a chomhrac; á chur i bhfáth nach mór don Choimisiún gníomhú go pras agus go cinntitheach nuair a théann na Ballstáit timpeall ar dhlí an Aontais, go háirithe an Chairt;

24. á iarraidh ar na Ballstáit uile cearta LGBTIQ+ a chosaint i gcomhréir le dlí an Aontais, leis an gCairt, agus le cásdlí CBAE agus ECtHR; á mheabhrú go bhfuil bacainní dlíthiúla fós ann i roinnt Ballstát maidir le comhpháirtíochtaí comhghnéis nó tuismíocht thar teorainneacha a aithint, rud a sháraíonn prionsabail na saorghluaiseachta agus an neamh-idirdhealaithe;

25. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na leibhéil mhéadaitheacha ciníochais agus seineafóibe ar fud an Aontais; ag cáineadh na dteagmhas fuathchoireachta agus fuathchainte arb é ciníochas, seineafóibe nó éadulaingt reiligiúnach, nó claontacht i gcoinne míchumas, gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne nó stádas mionlaigh duine is cúis leo; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta éifeachtacha a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun gach cineál ciníochais a chomhrac, le cuimsiú iomlán na sochaí sibhialta agus le rannchuidiú na ngeallsealbhóirí ábhartha, amhail Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha;

26. ag géarcháineadh gur ghlac roinnt Ballstát dlíthe, beartais agus cleachtais a bhaineann an bonn ó chosaint éifeachtach ar chearta bunúsacha atá ag dídeanaithe, iarrthóirí tearmainn agus imircigh, ar talamh agus ar muir; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cearta bunúsacha na n-imirceach, na n-iarrthóirí tearmainn agus na ndídeanaithe, chomh maith le prionsabal na comhroinnte freagrachta, a chur i gcroílár a bheartais imirce agus tearmainn, chun a áirithiú go gcloífear le cearta daoine chun tearmainn agus chun cosanta idirnáisiúnta;

27. á chur in iúl gur geal léi an cinneadh ón gCoimisiún a thogra le haghaidh treoir maidir le cóir chomhionann[49] a choinneáil agus ag tathant ar an gComhairle bailchríoch a chur air

[49] Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, COM(2008)0426).

agus é a ghlacadh gan a thuilleadh moille;

28. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh i gcoinne foréigean inscnebhunaithe, ar cheart é a chur le liosta ‘coireanna an Aontais’, agus á iarraidh go mbeadh togra reachtach an Aontais ann maidir leis an éigniú a chomhrac mar a shainítear leis an easpa toilithe;

29. á iarraidh an athuair go ndéanfaí rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil a chumhdach sa Chairt;

An smacht reachta agus buiséad an Aontais

30. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di sáruithe ar chearta bunúsacha arna n-éascú le húsáid chistí an Aontais i roinnt Ballstát nó atá nasctha leis an úsáid sin, go háirithe i réimsí na tithíochta agus an leithscartha oideachais, na ndálaí glactha d’iarrthóirí tearmainn, institiúidiú daoine faoi mhíchumas agus leanaí, agus tionscnaimh áirithe um athghiniúint uirbeach; á iarraidh ar an gCoimisiún moltaí lena dtugtar aghaidh ar na sáruithe sin a áireamh ina thuarascáil bhliantúil ar an smacht reachta; á mholadh go ndéanfaí sciar sonrach de chistí an Aontais a chur i leataobh chun faireachán neamhspleách a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí arna gcistiú ag an Aontas, lena n-áirítear measúnuithe ar a dtionchar dlíthiúil agus ar a dtionchar ar chearta bunúsacha, chomh maith le taighde dlíthiúil, dlíthíocht straitéiseach agus meastóireacht neamhspleách ar sháruithe a d’fhéadfadh a bheith ann, le rannpháirtíocht láidir eagraíochtaí na sochaí sibhialta;

31. á áitiú nach mór na bearta is gá chun cistiú an Aontais a scaoileadh, mar a shainítear sna cinntí ábhartha arna ndéanamh faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna, faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[50] agus faoin Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta, a mheasúnú go comhleanúnach mar phacáiste lárnach agus nár cheart aon íocaíochtaí a dhéanamh fad a bheidh easnaimh fós ann; á chreidiúint gur cheart don Choimisiún gníomhaíocht bhreise a dhéanamh faoin Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta a mhéid a bhaineann le sáruithe eile ar an smacht reachta, amhail na sáruithe sin a bhaineann leis na breithiúna;

32. á chur in iúl gur geal léi an moladh sa togra ón gCoimisiún maidir le creat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034 go mbeadh beagnach leath na gcistí coinníollach ar chomhlíonadh an smachta reachta agus na Cairte sula bhformheasfaí iad;

An smacht reachta agus gné an mhargaidh aonair

33. á aithint gur cuireadh gné an mhargaidh aonair san áireamh sa tuarascáil maidir leis an smacht reachta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta a dhéanann difear don timpeallacht eacnamaíoch fhoriomlán, do chuideachtaí agus d’oibrithe, agus é mar aidhm leis sin a áirithiú go gcosnófar cearta, go ngearrfar pionós ar éilliú, agus go bhforfheidhmeofar conarthaí; á chur i bhfáth go bhfuil tionchar

[50] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

eacnamaíoch ag córas ceartais feidhmiúil, creat láidir frithéillithe, iolrachas na meán, agus srianta agus ceartúcháin leormhaithe agus go bhfuil tionchar acu ar fheidhmiú rianúil an mhargaidh aonair; á mholadh go rachadh an Coimisiún i dteagmháil níos mó fós le geallsealbhóirí agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear ceardchumainn, ina mheasúnú;

34. á chreidiúint gur cheart go gcomhlánódh comhtháthú ghné an mhargaidh aonair réimsí bunúsacha amhail an spás sibhialta, comhlíonadh na gceart bunúsach agus saoirse na meán, seachas iad a shárú, ar cheart iad a aithint mar phríomhcholúin sa tuarascáil;

An smacht reachta i gcroílár phróiseas an mhéadaithe agus ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais

35. á athdhearbhú nach mór do na Ballstáit reatha na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE a urramú ní hamháin ach nach mór do Bhallstáit an Aontais a bheidh ann amach anseo iad a urramú freisin le linn an phróisis aontachais; á mholadh go ndéanfaí dlúthmheastóireacht ar an smacht reachta i ngach tír i bpróiseas aontachais; ag spreagadh an Choimisiúin moltaí nithiúla a sholáthar do thíortha aontachais maidir le staid an smachta reachta, agus ailíniú leis an tuarascáil ar mhéadú a áirithiú;

Feabhsú phróiseas tuairiscithe an Choimisiúin

36. á iarraidh ar an gCoimisiún a bheith níos trédhearcaí maidir leis na critéir a úsáideann sé chun faisnéis a roghnú ón tsochaí shibhialta, ó chomhlachtaí idirnáisiúnta, ó údaráis náisiúnta agus ó gheallsealbhóirí eile sa phróiseas tuairiscithe; ag tabhairt dá haire go bhféadfaí an próiseas comhairliúcháin a neartú trína áirithiú go ndéanfaí obair leantach iomchuí le gníomhaithe na sochaí sibhialta maidir leis an ionchur a chuireann siad ar fáil, agus á áitiú go mbeadh an próiseas tuairiscithe fianaisebhunaithe, trédhearcach agus neamhpháirtíneach;

37. á chur i bhfáth gur sheol Grúpa Faireacháin an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile de chuid na Parlaiminte um an Daonlathas, um an Smacht Reachta agus um Chearta Bunúsacha (DRFMG) roinnt toscaireachtaí ad hoc chuig roinnt Ballstát le blianta beaga anuas, agus go ndearnadh measúnú ar staid an smachta reachta, an daonlathais agus na gceart bunúsach agus chonacthas go raibh easnaimh níos mó ná na heasnaimh a léiríodh i dtuarascálacha an Choimisiúin; á chreidiúint gur cheart breithniú cuí a dhéanamh ar chleachtadh faireacháin DRFMG faoi chuimsiú an nós imeachta comhairliúcháin agus i ndréachtú na tuarascála ina dhiaidh sin;

38. á athdhearbhú gur gá comhlacht faireacháin neamhspleách, atá comhdhéanta de shaineolaithe neamhspleácha dlí, acadúla agus chearta an duine, a bheith rannpháirteach i ndréachtú na tuarascála; á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar an gcomhar le comhlachtaí an Aontais agus comhlachtaí idirnáisiúnta;

39. á chreidiúint gur cheart don Choimisiún a bheith níos soiléire maidir leis an gconair ar a bhfuil gach Ballstát a shainaithint agus a chur in iúl, lena n-áirítear comharthaí luathrabhaidh agus saincheisteanna tromchúiseacha agus sistéamacha a shainaithint, agus á chur i bhfáth gur cheart don Choimisiún comhleanúnachas a áirithiú idir na saincheisteanna a sainaithníodh agus na moltaí a eisíodh;

40. á iarraidh ar an gCoimisiún moltaí a eisiúint atá níos oibríochtúla, agus idirdhealú á dhéanamh idir na moltaí sin a bhaineann le saincheisteanna tromchúiseacha agus sistéamacha, agus bearta, amlínte agus tagarmharcanna nithiúla a leagan amach chun go gcuirfidh na Ballstáit chun feidhme iad;

41. á iarraidh ar an gCoimisiún an sásra leantach le haghaidh moltaí nár cuireadh chun feidhme a neartú trína nascadh ar bhealach níos dírí le huirlisí forfheidhmiúcháin atá ann cheana, lena n-áirítear imeachtaí um shárú agus coinníollacht bhuiséadach;

Moltaí cothrománacha

42. á chreidiúint gur cheart an t-idirphlé idirinstitiúideach ar leibhéal an Aontais agus an comhar maidir leis an smacht reachta a neartú; á chur in iúl gur oth léi gur dhiúltaigh an Coimisiún agus an Chomhairle go dtí seo dá tairiscint comhaontú idirinstitiúideach a dhéanamh maidir leis an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha; á athdhearbhú go bhfuil sí toilteanach tús a chur arís leis na cainteanna maidir leis an gcomhaontú sin;

43. ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún raon feidhme na tuarascála a leathnú chun gach gné d'Airteagal 2 CAE a chumhdach, agus táscairí níos leithne a áireamh, amhail neamhspleáchas na meán, ról na sochaí sibhialta, cearta bunúsacha, saoirse acadúil agus ealaíonta, comhionannas inscne, cosaint mionlach agus grúpaí leochaileacha, urraim don dlí idirnáisiúnta, saorthoghcháin chóra, agus feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha;

44. á chreidiúint go láidir nach mór d'institiúidí an Aontais a n-oibleagáidí maidir leis an smacht reachta a chomhlíonadh, agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh institiúidí an Aontais leis na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, lena n-áirítear comhsheasmhacht inmheánach an Aontais maidir leis na luachanna sin a chaomhnú ar fud a bheartas agus a ghníomhaíochtaí seachtracha, chun inchreidteacht agus dlisteanacht an Aontais a chosaint;

45. á iarraidh ar an gComhairle a hidirphlé maidir leis an Smacht Reachta a dhéanamh níos trédhearcaí, níos idirghníomhaí agus níos dírithe ar thorthaí, lena n-áirítear trí chonclúidí mionsonraithe a eisiúint agus aiseolas a sholáthar maidir le torthaí an Choimisiúin agus na Parlaiminte; á chur in iúl gur saoth léi neamhábaltacht na Comhairle dul chun cinn fóinteach a dhéanamh i nós imeachta Airteagal 7(1) CAE atá ar siúl faoi láthair agus á chreidiúint gurb ionann aon mhoill bhreise ar ghníomhaíocht na Comhairle agus sárú ar phrionsabal an smachta reachta ag an gComhairle féin,

46. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Mar Rapóirtéir ar an tuarascáil féintionscnaimh ar thuarascáil 2025 ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta, d'fhéach mé le freagra a thabhairt ar an tosaíocht pholaitiúil a chuir tromlach na ngrúpaí polaitiúla in iúl i gCoiste LIBE, chomh maith leis an iarraidh ón gCoimisiún ár dtuarascáil bhliantúil a eisiúint níos luaithe ná mar a rinneadh blianta roimhe sin. Mar gheall ar an amlíne luathaithe, tá sé dúshlánach anailís chríochnúil a chothromú leis na srianta a bhaineann le próiseas dréachtaithe comhbhrúite.

I bhfianaise na dteorainneacha sin, roghnaigh mé díriú ar na glaonna uileghabhálacha a dhéantar i ngach caibidil agus aird a tharraingt ar phríomhréimsí ina bhféadfaí tuairisciú an Choimisiúin a neartú a thuilleadh.

Staon mé d'aon ghnó ó Bhallstáit shonracha a ainmniú. Is lamháltas suntasach é sin ó mo thaobhsa de, ós rud é gur mhol Grúpa na Clé go seasta go ndéanfaí tíortha a shainaithint go sainráite i dtuarascálacha agus i dtairiscintí ó Pharlaimint na hEorpa nuair a tharlaíonn sáruithe ar an smacht reachta, ar an daonlathas nó ar chearta bunúsacha. Creidimid go daingean go bhfuil sé ríthábhachtach samplaí nithiúla a chur ar fáil don chuntasacht agus chun a léiriú go bhfuil na caighdeáin chéanna á gcomhlíonadh ag na Ballstáit uile, gan dochar dá seasamh laistigh den Aontas ná gan aird a thabhairt air. Mar sin féin, mar gheall ar thionchar méadaitheach na polaitíochta náisiúnta i bParlaimint an lae inniu, tá sé thar a bheith deacair teacht ar chomhaontú oibiachtúil neamhpháirtíneach i measc grúpaí polaitiúla dá luafaí Ballstáit shonracha. Dá bhrí sin, chun a áirithiú go bhfanfaidh an tuarascáil chomh comhthoiliúil, cuimsitheach agus go dtacófar léi ar an mórgóir agus is féidir, chinn mé staonadh ó Bhallstáit shonracha a lua an uair seo.

Ba é an phríomhthosaíocht a bhí agam seasamh le gealltanais sheanbhunaithe Pharlaimint na hEorpa, lena n-áirítear an nasc intreach idir an smacht reachta agus cearta bunúsacha a athdhearbhú, agus rannpháirtíocht líonra saineolaithe neamhspleácha i bpróiseas tuairiscithe an Choimisiúin a áirithiú. Tá cur chuige den sórt sin ríthábhachtach chun an measúnú a dhípholaitiú, chun cosc a chur ar neamhaird a thabhairt ar shaincheisteanna criticiúla, agus chun a áirithiú go gcuirtear treochtaí atá ag teacht chun cinn in iúl go soiléir agus go comhsheasmhach.

I measc na dtosaíochtaí eile tá cosaint iriseoirí agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta; aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar chearta bunúsacha atá éascaithe nó nasctha le húsáid nó saothrú chistí an Aontais i roinnt Ballstát; agus a áirithiú go ndéanfar imscrúdú críochnúil, neamhchlaonta agus tráthúil ar chásanna éillithe, agus tosaíocht ar leith á tabhairt dóibh siúd a bhfuil oifigigh ardleibhéil páirteach iontu, mar bhealach chun an smacht reachta agus muinín an phobail as institiúidí daonlathacha a chosaint. Ar deireadh, ní mór d'institiúidí an Aontais iad féin a n-oibleagáidí maidir leis an smacht reachta a urramú go hiomlán. Tá sé fíor-riachtanach

measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chloíonn siad leis na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE — lena n-áirítear comhleanúnachas inmheánach an Aontais maidir leis na luachanna sin a chaomhnú ar fud a bheartais agus a ghníomhaíochtaí seachtracha — chun inchreidteacht agus dlisteanacht an Aontais a choinneáil ar bun.

Sa chomhthéacs sin, tá sé chomh ríthábhachtach céanna ról na gceart eacnamaíoch agus sóisialta a threisiú laistigh de chreat smachta reachta an Aontais. Le measúnú inchreidte ar staid an smachta reachta, ní féidir neamhaird a thabhairt ar an tionchar ollmhór atá ag éiginnteacht tithíochta, rochtain mhíchothrom ar sheirbhísí riachtanacha agus éagothromaíochtaí sóisialta atá ag dul in olcas ar chumas daoine a gcearta bunúsacha a fheidhmiú. Nuair nach bhfuil sé d'acmhainn ag daoine aonair tithíocht leordhóthanach a fháil, nuair atá siad ina gcónaí i ndálaí forbhásacha nó nuair a bhíonn bacainní sistéamacha ar chosaint shóisialta rompu, éiríonn a gcomhionannas faoin dlí teoiriciúil seachas fíor. Dá bhrí sin, le cur chuige iomlánaíoch duinelárnach i leith an smachta reachta, ní mór aghaidh a thabhairt ar na dálaí socheacnamaíocha struchtúracha a lagaíonn an rannpháirtíocht dhaonlathach agus a bhaineann an bonn ón muinín as institiúidí poiblí.

Is cúis mhór imní dom freisin normalú na n-insintí ciníocha sa dioscúrsa poiblí, lena n-áirítear ag gníomhaithe polaitiúla agus údaráis phoiblí. Baineann reitric den sórt sin an bonn ón gcomhionannas os comhair an dlí, spreagann sí idirdhealú agus naimhdeas i gcoinne pobail chiníochaithe, agus cruthaíonn sí dálaí nach bhfuil daoine aonair in ann a gcearta bunúsacha a fheidhmiú gan eagla ná imeaglú. Dá bhrí sin, ní mór dul i ngleic leis an gciníochas agus le hinsintí idirdhealaitheacha agus an comhrac ina gcoinne mar chuid lárnach de chlár oibre an Aontais maidir leis an smacht reachta.

I ndeireadh na dála, ní mór é a bheith mar sprioc ag institiúidí uile an Aontais measúnú a chur ar fáil ar staid an smachta reachta ar fud an Aontais atá oibiachtúil, inchreidte agus cosanta ar thionchair pháirtí-pholaitiúla. Is cúis mhór imní dom an riosca méadaitheach a bhaineann le cúlú an smachta reachta i roinnt Ballstát, go háirithe i gcomhthéacs an mhéadaithe atá ag teacht ar insintí atá i bhfad amach ar an eite dheis agus i gcomhthéacs urrúsú méadaitheach an bheartais phoiblí. Ag an am sin, tá sé ríthábhachtach go bhfanfaidh ár meastóireachtaí bunaithe go daingean ar fhianaise, ar dhlí agus ar chearta bunúsacha, seachas iad a bheith múnlaithe ar áisiúlacht pholaitiúil. Ní féidir linn creidiúnacht agus dlisteanacht chreat smachta reachta an Aontais a choinneáil ach amháin trína áirithiú go bhfuil ár gcuid oibre neamhspleách, dian agus neamhpholaitithe.

Tá sé i gceist agam leasuithe a chur síos lena dtugtar isteach aithrisí ina ndéantar anailís ar threochtaí ginearálta sna Ballstáit. Ceapadh na haithrisí sin chun an chuid oibríochtúil den tuarascáil a chomhlánú trí phatrúin, rioscaí atá ag teacht chun cinn agus dúshláin shistéamacha a shainaithint, agus ar an gcaoi sin an bonn anailíseach dár moltaí a threisiú.

Tríd an gcur chuige sin, is é is aidhm don tuarascáil rannpháirtíocht pholaitiúil thráthúil a chomhcheangal le tograí nithiúla chun éifeachtacht, trédhearcacht agus tionchar thuairisciú an Choimisiúin a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le creat smachta reachta níos láidre agus níos comhleanúnaí laistigh den Aontas Eorpach.